An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

# Ag dul i ngleic leis an gcúlú: Tionscnaimh phoiblí a bhaineann le fostaíocht i mBallstáit an AE agus san Iorua

## Achoimre fheidhmiúcháin

## Réamhrá

Tá ar gheilleagar na hEorpa tabhairt faoin dúshlán de chor chun donais eacnamaíoch, cor a mheastar ar leibhéal domhanda mar an cúlú is doimhne agus is forleithne ó dheireadh an Dara Chogadh Domhanda i leith. Mar fhreagra air seo, tá an tAontas Eorpach mar aon le Ballstáit aonair tar éis glacadh le réimse leathan ionstraimí poiblí nó tar éis iad a thabhairt isteach d'fhonn tacú leis an ngeilleagar agus an margadh saothair.

Soláthraíonn an tuarascáil seo a rinne an Monatóir Athstruchtúraithe Eorpach (ERM), forbhreathnú córasach ar thionscnaimh phoiblí chun aghaidh a thabhairt ar an gcúlú reatha atá á gcur i gcrích nó á bpleanáil i mBallstáit an AE agus san Iorua, amhail ag Aibreán-Bealtaine 2009. Tá sí bunaithe ar ranníocaíochtaí a líonra de chomhfhreagraithe agus taighde in-tí. Ní chuirtear ach ionstraimí a leagann béim ar fhostaíocht a choinneáil nó a chruthú nó ar thacaíocht ioncaim a sholáthar don fhórsa saothair nó an bheirt acu araon san áireamh. Is í an aidhm atá ann ná béim a leagan ar na cuir chuige éagsúla atá á n-úsáid sna Ballstáit agus san Iorua, in ionad liosta uileghabhálach a thabhairt de na tionscnaimh go léir atáthar tar éis a chur i bhfeidhm.

## Comhthéacs an bheartais

I Samhain 2008, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a Phlean Téarnamh Geilleagrach na hEorpa, leis an aidhm chun leagan síos conas 'a d'fhéadfadh gníomh cinntitheach agus comhordaithe freagairt don ghéarchéim gheilleagrach'. Agus an Plean á chur i láthair aige, scríobh José Manuel Barroso, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, go raibh sé sásta le feiceáil 'de réir mar a oibríonn rialtais náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar a staideanna aonair, tá inspioráid faighte acu ó na comhphrionsabail a comhaontaíodh do ghníomhaíocht Eorpach'. Déanann anailís ERM scrúdú ar an eagar leathan de bhearta a chuir Ballstáit an AE i ngníomh agus na sraitheanna comónta a éiríonn astu.

Tá formhór na mBallstát tar éis 'pacáiste frith-ghéarchéime' a chuimsíonn ionstraimí agus cistí éagsúla ionas déileáil leis na fadhbanna geilleagracha, airgeadais, fostaíochta agus sóisialta atá mar chuid bhunúsach den staid atá ann faoi láthair, a sheoladh chun aghaidh a thabhairt ar an gcúlú reatha. Mar sin féin, trasna na hEorpa, tá éagsúlachtaí ann idir an cineál cur chuige praiticiúil a úsáidtear chun tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí agus daoine aonair i rith an choir chun donais eacnamaíoch. Leagtar béim dhifriúil ar chineálacha ar leith d'ionstraimí agus spriocghrúpaí, agus d'fhéadfadh an dearadh sainiúil de bhearta ag tabhairt aghaidh ar an líne chéanna gníomhaíochta a bheith difriúil.

Ar an gcuma chéanna, cé go n-aithnítear go forleathan go bhfuil ról ríthábhachtach ag comhphlé sóisialta maidir le socruithe cothroma agus cuimsitheacha a chinntiú i gcreatlach an chúlaithe, tá éagsúlachtaí ann idir rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta trasna na hEorpa i bhforbairt agus forfheidhmiú bhearta an chúlaithe maidir le leibhéal agus fairsinge a gcomhtháthaithe i ndearadh na mbeartas.

## Príomhthátail

Ní amháin go gcabhraíonn na hionstraimí a bhaineann le fostaíocht chun dul i ngleic leis an gcúlú sna Ballstáit agus san Iorua chun oll-dífhostú a sheachaint, ach íoslaghdaíonn siad freisin na costais fhostaithe agus athfhostaithe do ghnólachtaí. Sa chaoi sin, maolaíonn siad tionchair an mhargaidh saothair agus tionchair shóisialta na géarchéime don lucht oibre, éascaíonn siad leasuithe ag leibhéal na cuideachta agus cuimsíonn siad dearcadh meántéarmach go fadtéarmach, lena n-áirítear infheistíocht i gcaipiteal daonna agus cosaint scileanna sainiúla don chuideachta.

Is féidir na tionscnaimh phoiblí is forleithne a rangú go leathan i dtrí ghrúpa:

- bearta d'fhonn fostaíocht a choinneáil a bhfuil de nádúr 'coisctheach', sa mhéid is go bhfuil sí mar aidhm acu daoine a choimeád i

bhfostaíocht trí, mar shampla, tacú le fiontair nó tacaíocht ioncaim a sholáthar d'oibrithe atá tar éis glacadh le híslithe pá ionas a gcuid post a chosaint;

- bearta d'fhonn fostaíocht a chruthú, bunaithe ar ionstraimí ag cur an aistrithe chun cinn ó dhífhostaíocht go fostaíocht – le fócas ar an té atá ag cuardach fostaíochta;
- tionscnaimh chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do dhaoine aonair i gcásanna d'iomarcaíocht, atá sa chatagóir de thacaíocht ioncaim do dhaoine dífhostaithe agus dóibh siúd atá lasmuigh den mhargadh oibre.

Is iad samplaí de bhearta chun fostaíocht a choimeád ná tacaíocht d'obair ghearr-ama nó leagain as sealadacha, cúnamh do ghníomhaíochtaí oiliúna foirne, nó laghdú nó iarchur costais saothair neamh-thuarastail. Áirítear leis an gcatagóir seo freisin tacaíocht fiontair dhíreach agus neamhdhíreach. Tá Ballstáit iomadúla tar éis tionscnaimh a leasú nó a thabhairt isteach maidir le hobair ghearr-ama nó leagain as sealadacha, de ghnáth le leibhéal éigin de rannpháirtíocht chomhpháirtí sóisialta. Clúdaíonn an chuid is mó de na hionstraimí earnálacha go léir gníomhaíocht eacnamaíochta, le roinnt forálacha ag leagan béim ar thionscail leochaileacha. Comhathraíonn an cineál oibrí incháilithe do thacaíocht airgeadais maidir le hobair ghearr-ama freisin, le hoibrithe sealadacha nó páirtaimseartha á gcuimsiú uaireanta. D'fhéadfadh cúnamh airgeadúil cabhrú le costais tuarastail agus/nó slándáil shóisialta. Chomh maith le forálacha oiliúna eile, cuireann roinnt tíortha bearta oiliúna le chéile le tacaíocht d'obair ghearr-ama, leis an aidhm acu chun infhostaitheacht an oibrí a fheabhsú. Mar sin féin, is tá dóchúlacht ann go mbeidh an oiliúint sin de thréimhse ghearr agus mar sin is dócha nach mbeidh ach éifeachtacht theoranta ag baint léi. Thairis sin, is féidir nach mbeidh an luach breise d'infheistiú i bhforbairt scileanna soiléir don fhostóir mura bhfuil sé soiléir an bhfanfaidh na fostaithe mar chuid dá lucht oibre nó cé chomh fada is a bhfanfaidh siad ann.

I measc bearta chun fostaíocht a chruthú áirítear gníomhaíochtaí meaitseála poist, dreasachtaí ionas go bhfostóidh cuideachtaí oibrithe breise, oiliúint, deontais soghluaisteachta agus tacaíocht le haghaidh féinfhostaíochta. Is éard atá i gceist le meaitseáil phoist ná folúntais phoist a lorg agus iad a mheaitseáil le hiarrthóirí oiriúnacha, ag soláthar comhairle do lucht cuardaigh fostaíochta agus iad a ullmhú dá n-iarratas poist. Leagann roinnt tíortha béim ar fhoráil seirbhíse aonair agus d'fhéadfaí díriú ar roinnt grúpaí nó earnálacha leochaileacha. Le linn an 'ghéarchoir creidmheasa' reatha, is dreasacht thábhachtach í tacaíocht airgeadais – ó thaobh costais neamh-thuarastail a laghdú, fóirdheontais tuarastail a thairiscint nó rochtain ar airgead a éascú – chun cruthú poist, féinfhostaíocht nó gnóthaí tosaithe a spreagadh.

Tagraíonn bearta tacaíocht ioncaim don chuid is mó do leasú na rialachán a bhaineann le sochair dífhostaíochta, go ginearálta maidir le hincháilitheacht, méid agus tréimhse na teidlíochta. Tá roinnt rialtas tar éis cabhair a thairiscint freisin i leith aisíocaíochtaí morgáiste.

## Leideanna an bheartais

- Ní foláir tacaíocht phoiblí a chothabháil maidir le fostaíocht a choinneáil agus a chruthú fiú amháin nuair a thiocfaidh feabhas ar na táscairí eacnamaíocha.
- Tá sé tábhachtach béim a leagan ar na bearta i bhfabhar fáis chun fostaíocht a choinneáil agus a chruthú, mar oideachas, T&F, nuálaíocht, infheistíocht agus rochtain ar airgead.
- Ba chóir athstruchtúrú bainc a chur i bhfeidhm ar bhonn níos gasta.
- Ba chóir go mbeadh tacaíocht fostaíochta sealadach, ba cheart go mbeadh feidhm aici leis an ngeilleagar iomlán agus ba cheart di díriú ar oibrithe a choimeád i bhfostaíocht in ionad ar iomarcaíochtaí agus athoiliúint.
- Ba chóir do rialtais bearta cothabhála ioncaim a neartú do dhaoine dífhostaithe, ar nós sochar dífhostaíochta, cúnamh sóisialta agus pinsin.
- Ba chóir do thacaíocht do chuideachtaí móra i dtionscail traidisiúnta brath ar athstruchtúrú.
- Tá pacáistí géarchéime cuimsitheacha níos fearr ná ionstraimí aonair nach ndíríonn ach ar fhás eacnamaíoch a chothú nó ar an margadh saothair.
- Rud tábhachtach is ea comhoibriú maith i measc scairshealbhóirí náisiúnta, mar aon le cur chuige comhordaithe ar fud na hEorpa.

**Tuilleadh Faisnéise**

Tá an tuarascáil *Tackling the Recession: Employment-related public initiatives in the EU Member States and Norway* (*Ag dul i ngleic leis an gcúlú: Tionscnaimh phoiblí a bhaineann le fostaíocht i mBallstáit an AE agus san Iorua*) ar fáil ar líne ag:
http://www.eurofound.europa.eu/emcc/erm/studies/tn0907020s/index.htm

Irene Mandi, Bainisteoir Taighde (in éineacht le Lidia Salvatore)
ima@eurofound.europa.eu